# D'AON AMHARC

2026

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

# D'AON AMHARC

## 2026

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

**D'Aon Amharc 2026**

**© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2026.**
98-100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg

Gach ceart ar cosaint.
Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org.

Tá tuilleadh eolais ar ghníomhaíochtaí Ghrúpa an BEI ar ár láithreán gréasáin www.eib.org. Is féidir teagmháil a dhéanamh le info@eib.org mar mhalairt air sin.
Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag www.eib.org/sign-up.

© Grianghraif: Grúpa an BEI, Inelfe, Nokia, Alfredas Pliadis, Shutterstock, Jolt.

**Séanadh**
I gcás nach mbeidh an t-aistriúchán seo ag teacht leis an leagan bunaidh i mBéarla, is é an leagan bunaidh Béarla a bheidh i réim.

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.
Arna chur i gcló ar pháipéar FSC®.

pdf: QH-01-26-001-GA-N ISBN 978-92-861-6102-5 doi: 10.2867/1673101

# MAIDIR LE GRÚPA AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA

**Comhlíonann Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ról lárnach tacaíochta ar son láidreacht na hEorpa i ndomhan níos cobhsaí agus níos síochánta.**

Cuireann Grúpa an BEI iasachtaí fadtéarma ar fáil do na céadta tionscadal gach bliain, idir mhór agus bheag, tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta. Maoiniú €100 billiún a bhí ann in 2025, leibhéal níos airde ná riamh. Tugann an Grúpa tacaíocht fosta do chuideachtaí nuálacha atá ag fás go tapa ón gCiste Eorpach Infheistíochta.

Siar sa bhliain 1958 a bunaíodh Grúpa an BEI ag an am céanna leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. Tá sé faoi úinéireacht 27 Ballstát an Aontais Eorpaigh agus téann timpeall 10% dá chuid iasachtaí chuig tionscadail in os cionn 160 tír taobh amuigh den Aontas Eorpach. Ball lárnach de na bainc forbartha iltaobhacha atá ionainn agus is ar an mbonn sin a chuirimid leis an dul chun cinn domhanda. As an obair seo tagann comhpháirtíochtaí a théann chun tairbhe do chách.

Tugann Grúpa an BEI tacaíocht d'ardáin agus d'ionstraimí airgeadais a dhéanann na margaí caipitil san Eoraip a fheabhsú agus a spreagann maoiniú breise ó infheisteoirí institiúideacha, é ag cur lena mhéid mór, punann éagsúlaithe agus comhpháirtíochtaí láidre.

**Léiriú ar rath na hEorpa atá i nGrúpa an BEI. Déanaimid muinín agus seasmhacht a chothú agus léirímid an méid sin do dhaoine, gnólachtaí, infheisteoirí agus margaí airgeadais. San Eoraip agus ar fud na cruinne.**

## ÁR dTIONCHAR IN 2025

**LUACH AN MHAOINITHE Ó GHRÚPA AN BEI** **€100bn**

**A chuimsíonn €9bn d'áiteanna taobh amuigh den Aontas Eorpach**

**SÍNITHE ag an gCiste Eorpach Infheistíochta 2025** **€16bn**

**€20.6bn** Cathracha agus réigiúin inbhuanaithe

**€33bn** Slándáil fuinnimh san Aontas Eorpach

**€57bn** Gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht comhshaoil

**€27.8bn** Bannaí glasa agus inbhuanaitheachta

**€9.8bn** Fuinneamh in-athnuaite
(An Banc Eorpach Infheistíochta amháin)

**€10.3bn** Bonneagar sóisialta

**€22.4bn** Maoiniú TechEU

**€4bn** Slándáil agus cosaint

**€29.7bn** Maoiniú dá dtugtar tacaíocht ó chúnamh comhairliúcháin

**26.8m** Duine a bhfuil uisce óil acu atá níos sábháilte anois

**9.2m** Duine a bhfuil sláintíocht níos fearr acu

**18.5m** Duine á gcosaint níos fearr ar thriomach

**6.9m** Duine á gcosaint níos fearr ar thuilte

# TOSAÍOCHTAÍ AN BEI

Déanann Grúpa an BEI na céadta tionscadal nua a mhaoiniú gach bliain chun tacú le tosaíochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh: gníomhú ar son na haeráide, teicneolaíocht, tithíocht inacmhainne, slándáil agus cosaint, talmhaíocht agus neart earnálacha eile. Mar thoradh ar ár gcuid oibre cuirtear deiseanna ar fáil ar fud na hEorpa, cuirtear dlús leis an airgeadas inbhuanaithe, cuirtear forbairt margaí caipitil chun cinn agus déantar íomhá láidir dhomhanda na hEorpa a chosaint.



# 1

**Tionscadal cinniúnach atá in idirnascaire Bhá na Bioscáine a chuirfidh borradh faoin acmhainneacht leictreachais idir Leithinis na hIbéire agus an chuid eile den Eoraip.**

# AN BANC AERÁIDE

**Tá Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta chun tosaigh san aistriú chuig fuinneamh glan. Déanaimid infheistíochtaí a bhrú a laghdaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcuideachtaí ar gach méid. Déanaimid tionscadail a mhaoiniú chomh maith a chabhraíonn le pobail dul in oiriúint do na hathruithe atá le teacht.**

**€11.6bn** in eangacha agus stóráil

**€1tn** i dtionscadail aeráide agus chomhshaoil ó 2020 go 2030

## DHÁ OIREAD NA CUMHACHTA

Tá €1.6 billiún á thabhairt ar iasacht ag an mBanc Eorpach Infheistíochta chun tacú le hidirnascaire leictreachais i mBá na Bioscáine atá á fhorbairt ag Red Eléctrica de España agus RTE Réseau de transport d'électricité. Déanfar an acmhainneacht idir an Fhrainc agus an Spáinn a mhéadú faoi dhó agus faoin tionscadal, mar sin, cumhacht níos sláine ar phraghas níos réasúnta a sholáthar do na milliúin daoine.



2

**Tá na teicneolaíochtaí seo ríthábhachtach má táthar chun feidhmíocht, éifeachtúlacht fuinnimh agus cibearshlándáil córas móibíleach a neartú.**

# NUÁLAÍOCHT

**Sheol Grúpa an BEI TechEU in 2025, an clár maoinithe is mó riamh don nuálaíocht teicneolaíochta san Eoraip. Cuirfear maoiniú €70 billiún ar fáil faoin gclár faoi 2027 in iasachtaí, fiachas fiontair agus caipiteal agus déanfar infheistíocht €250 billiún a spreagadh. Agus é neartaithe ag an gcur chuige níos uaillmhianaí seo i leith teicneolaíochtaí bunathraitheacha agus leibhéal níos airde rioscaí a ghlacadh, tháinig méadú go €22.4 billiún ar an maoiniú don nuálaíocht chun ceannasaíocht teicneolaíochta na hEorpa a dhaingniú, an méid is airde riamh go dtí seo.**

**€4.1bn** in infheistíocht san intleacht shaorga

## INTLEACHT SHAORGA MHÓIBÍLEACH

Bainfidh Nokia feidhm as iasacht €870 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta le líonraí móibíleacha den chéad ghlúin eile a fhorbairt. Beidh an chuideachta ag obair ar chórais a dtugtar 5G Ardfhorbartha agus 6G orthu chun ceannasaíocht teicneolaíochta na hEorpa sa chumarsáid mhóibíleach a threisiú.



3

**Bainfear leas as na hiasachtaí le Indra agus Thales chun borradh a chur faoi theicneolaíochtaí ceannródaíocha agus chun tacú leis na mílte taighdeoirí agus innealtóirí.**

# SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

**Déanann Grúpa an BEI infheistíocht i síocháin agus i slándáil na hEorpa. Téann an maoiniú seo chun cuidiú le gnóthais nuálacha agus le gnólachtaí atá réasúnta seanbhunaithe tionscadail a chur chun cinn le daoine agus teorainneacha a chosaint. Ó shatailítí go réitigh chibearshlándála, ó bhonneagar go soghluaisteacht mhíleata, tugaimid tacaíocht do smaointe a fhéachann leis an Eoraip a choinneáil slán sábháilte agus saor ó bhrú seachtrach.**

**Tháinig athrú mór in 2025 ar an tacaíocht don tslándáil agus cosaint, tráth a raibh maoiniú os cionn €4bn ann**

## AN TAOBH THOIR Á DHAINGNIÚ

Tá Grúpa an BEI ag neartú acmhainneacht mhíleata na Liotuáine, tacaíocht a chuimsíonn infheistíochtaí €540 milliún agus tacaíocht chomhairleach do bhunáit mhíleata cóngarach don teorainn idir an Liotuáin agus an Bhealarúis. Óstálfar briogáid de chuid na Gearmáine sa bhunáit agus, dá réir, déanfar cumais mhearfhreagartha Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh sa réigiún a neartú.

Tá nach mór €1 bhilliún á sholáthar ag an nGrúpa fosta chun na cláir thaighde atá ag dhá cheann de na grúpaí cosanta is forásaí san Eoraip a mhaoiniú, arb iad sin Indra agus Thales. Dá réir sin, beifear in ann saoráidí nua a thógáil, taighde a mhéadú go mór agus forbairt a dhéanamh ar an gcosaint, ar theicneolaíochtaí spáis agus ar an aerloingseoireacht d'eitiltí sibhialtacha agus míleata.



4

**Sprioc thábhachtach atá taobh thiar den tionscadal nuachóirithe ná go mbeidh bóithre níos athléimní in aghaidh an athraithe aeráide.**

# COMHTHÁTHÚ

**Déanaimid infheistíocht i dtionscadail ar mhaithe le comhtháthú chun laghdú a bhaint amach ar an éagothroime réigiúnach san Aontas Eorpach agus chun pobail nach bhfuil chomh rathúil céanna a chumasú. Cuireann an méid seo an fás cothrom chun cinn agus tacaíocht atá ann le go n-éireoidh le daoine cibé áit a bhfuil cónaí orthu ionas nach mbeidh orthu an baile a fhágáil sa tóir ar dheiseanna níos fearr.**

**€42.8bn i maoiniú comhtháthaithe in 2025**

## TORTHAÍ NITHIÚLA

Rinne an BEI beagnach €1.4 billiún a infheistiú in 2025 chun mótarbhealaí a nuachóiriú i réigiúin lagfhorbartha na Polainne. Déanann infheistíochtaí le Bank Gospodarstwa Krajowego an ghníomhaíocht eacnamaíoch agus forbairt réigiúnach a neartú agus, san am céanna, tugtar tacaíocht don tsoghluaisteacht shibhialta agus mhíleata sa tír. Bhí cúnamh comhairleach ann chun tacú leis na tionscadail inar aithníodh na codanna den líonra ina raibh an gá ba mhó le feabhsú.



5

**I gcás oibrithe san earnáil phoiblí a choinníonn na cathracha i mbun oibríochta, tá an tithíocht ar cheann de na dúshláin is práinní atá ann.**

# BONNEAGAR SÓISIALTA

**Baintear leas as maoiniú sóisialta ón mBanc chun saol na cathrach a fheabhsú, chun cur leis an tithíocht inacmhainne agus chun seirbhísí poiblí a threisiú. Tugtar tacaíocht ann d'infheistíochtaí do dhaoine chun scileanna nua a fhoghlaim, agus chun aire a thabhairt dóibh siúd atá tinn agus do dhaoine scothaosta. Leagtar síos anseo an bhunchloch don fhás ionchuimsitheach inbhuanaithe ar fud na hEorpa.**

**€10.3bn** **in infheistíocht sa bhonneagar sóisialta in 2025**

## NA BUNCHLOCHA Á LEAGAN SÍOS

Tá sé i gceist ag Grúpa an BEI cúnamh a thabhairt chun timpeall milliún teach breise inacmhainne inbhuanaithe a sholáthar faoi 2030. A bhuí le hiasacht €60 milliún, tá maoiniú á chur ar fáil ag Česká spořitelna, ceann de na bainc is tábhachtaí sa tSeicia, do níos mó ná 1 000 teach inacmhainne i bPrág d'altraí, múinteoirí agus oibrithe riachtanacha eile. Bainfear leas as iasacht €1.3 billiún leis an bPortaingéil chun tithíocht inacmhainne a sholáthar. Seoladh saoráid iasachta €400 milliún in Éirinn chun maoiniú fadtéarmach ar ráta seasta a sholáthar do sholáthraithe tithíochta sóisialta. Fuair Banc Erste na hOstaire €200 milliún le haghaidh infheistíochtaí tithíochta, obair a chuimsíonn tionscadail ar mhaithe le daoine óga agus tionóntaí scothaosta.




6

Gné lárnach de gheilleagar agus sainiúlacht na hIodáile atá san earnáil talmhaíochta.

# TALMHAÍOCHT AGUS AN BITHGHEILLEAGAR

**Gné ríthábhachtach de shlándáil an tsoláthair bia, de chaighdeán an bhia agus den gheilleagar ná an talmhaíocht. Déanaimid tionscadail a mhaoiniú i réimsí amhail iascach, foraoisí, cáilíocht bhia, forbairt tuaithe agus táirgeadh aeráidchliste. Mar thoradh ar na hiasachtaí agus seirbhísí a chuirimid ar fáil, is féidir le feirmeoirí slí bheatha níos fearr a bhaint amach, agus déantar an comhshaol a chosaint agus astaíochtaí carbóin ón earnáil talmhaíochta a laghdú.**

**€6.9bn in infheistíocht don talmhaíocht agus don bhithgheilleagar in 2025**

## GLÚIN NUA FEIRMEOIRÍ SAN IODÁIL

Tá méid níos mó ná €100 milliún á thabhairt ar iasacht ag Grúpa an BEI do Banca di Asti, arb in banc réigiúnach in iarthuaisceart na hIodáile in iarracht chun feirmeoirí óga agus cuideachtaí beaga bithgheilleagair a mhaoiniú. Is d’fheirmeoirí óga a bheidh 10% ar a laghad den mhaoiniú do Banca di Asti.



7

**Tá cuidiú á thabhairt ag an mBanc chun os cionn 500 foirgneamh poiblí a dheisiú i dtimpeall 150 pobal ar fud na hÚcráine.**

# INFHEISTÍOCHT DHOMHANDA

**Tá comhpháirtíochtaí á gcothú againn ar fud an domhain a mbainfidh cách leas astu. Tugaimid tacaíocht ghníomhach don Úcráin agus cuirimid an fhorbairt inbhuanaithe chun cinn i réigiúin cuir i gcás réigiún na Meánmhara agus an Afraic fho-Shahárach. Déanaimid ár gcion féin le tacú le gníomhú ar son na haeráide agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Táimid ar cheann de na hiasachtóirí is mó san earnáil dhomhanda uisce.**

**Chuaigh trí cheathrú d'infheistíocht an BEI lasmuigh den Aontas Eorpach chun tacú le tionscadail faoin Tairseach Dhomhanda.**

## DUL CHUN CINN Á DHÉANAMH SAN ÚCRÁIN

Meastar go mbeidh riachtanais mhaoinithe $524 billiún sa tír as seo go ceann deich mbliana, mar sin tá tús áite á thabhairt don Úcráin ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Diomaite den chúnamh éigeandála, díríonn Grúpa an BEI ar na réimsí inar féidir an difear is mó a bhaint amach go gasta. In 2025, thacaigh Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta le tionscadail ar luach €1.5 billiún iad chun tacú le teaghlaigh tithe a théamh, chun leanaí a choinneáil ar scoil agus chun a chinntiú go dtabharfaí cúram leighis do dhaoine.



# 8

**Tá urrúsuithe ag tacú go díreach le cuspóirí an aontais coigiltis agus infheistíochta.**

# AONTAS COIGILTIS AGUS INFHEISTÍOCHTA

**Eintiteas uile-Eorpach is ea Grúpa an BEI de réir a dheartha, agus cuireann an Grúpa ionstraimí airgeadais nua chun cinn a fhreastalóidh mar ghnéithe den fhorbairt i dtreo aontas ceart coigiltis agus infheistíochtaí. Mar thoradh ar ról tábhachtach an Bhainc i gcomhthéacs infheistíochtaí príobháideacha a thionscnamh agus a phlódú isteach, tá coigilteas á chur ag Grúpa an BEI chuig ceannródaithe teicneolaíochta, nuálaithe, aonbheannaigh agus bainc níos lú san Eoraip. Má bhíonn margaí caipitil níos comhtháite ann, is fearr a bheidh infheistíochtaí agus coigilteas in ann aistriú ar fud an Aontais Eorpaigh, forbairt a rachaidh chun tairbhe don duine féin, d'infheisteoirí agus do chuideachtaí.**

**Beidh aontas coigiltis agus infheistíochta ina chuidiú ag an Eoraip gach leas a bhaint as na deiseanna ar fad ina margadh inmheánach.**

## FÉIRÍN AN FHÁIS

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag infheistiú in urrúsuithe arna n-eisiúint ag bainc Eorpacha agus i mbun struchtúir nuálacha urrúsúcháin a fhorbairt chun tacú le níos mó gnólachtaí atá ríthábhachtach don fhíorgheilleagar. Cuireann Grúpa an BEI leis an iarracht le margadh infheistíochta níos mó a fhorbairt a bheidh níos leachtaí ná mar a bhí mar thoradh ar thacaíocht a thabhairt do bhainc nuálacha trí mheán infheistíochtaí in urrúsuithe. An t-urrúsú is mó go dtí seo le tacaíocht a fháil ó Ghrúpa an BEI ná idirbheart urrúsaithe shintéisigh €1 bhilliún ag ABN AMRO in 2025. Céim mhór chun tosaigh atá ann don Bhanc Eorpach Infheistíochta agus don Chiste Eorpach Infheistíochta fosta a chuireann struchtúr ar na hidirbhearta urrúsúcháin.

# EOLAS MAIDIR LEIS AN gCISTE EORPACH INFHEISTÍOCHTA

Is é an Ciste Eorpach Infheistíochta an rannóg sainfheidhme de Ghrúpa an BEI a bhíonn ag obair le gur féidir le gnólachtaí beaga fás agus forbairt. Tugtar ráthaíochtaí iasachta do bhainc ón CEI chun cuidiú leo infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí Eorpacha agus bítear ag obair le cistí caipitil fiontair, creidmheas príobháideach, agus le cistí cothromais phríobháidigh agus cistí bonneagair chun tacaíocht a ghiniúint d'fhiontraithe nuálacha.

Cuireadh an Ciste Eorpach Infheistíochta ar bun sa bhliain 1994 le go mbeadh teacht ní b'fhusa ag gnólachtaí beaga ar mhaoiniú. Tugtar cuidiú ón gCiste do chuideachtaí i gcéimeanna éagsúla den fhorbairt, ón gcéim thosaigh ar aghaidh go dtí an fairsingiú idirnáisiúnta. Ceann de na spriocanna atá ann ná éiceachóras níos fearr don infheistíocht ghnó a fhorbairt san Eoraip. Ina theannta sin, cuireann an Ciste Eorpach Infheistíochta leis an nuáil, iomaíochas, tionchar sóisialta agus inbhuanaitheacht.

Níos mó ná **€15.7bn** geallta in 2025 don inbhuanaitheacht, tionchar sóisialta, nuálaíocht agus fás

**Tugtar tacaíocht ón gCiste Eorpach Infheistíochta do nuálaithe sna céimeanna luatha den fhorbairt ar fhuascailtí don am atá le teacht agus do ghnólachtaí fadbhunaithe agus iad ag forleathnú go cróga i dtreo earnálacha úra.**



## FÁS DOMHANDA, TIONCHAR EORPACH

Rinne an Ciste Eorpach Infheistíochta €260 milliún a infheistiú i gciste de chuid Jolt Capital d'fhonn tacú leis an ngnólacht i bPáras suas le €800 milliún de thuilleadh infheistíochta a thabhairt isteach ó áiteanna ar fud an domhain chun tacú le cuideachtaí domhainteicneolaíochta Eorpacha. Cuid de Thionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta na hEorpa atá in infheistíocht an CEI. Faoin tionscnamh, déantar infheistíochtaí i gcistí móra caipitil fiontair chun dul i ngleic leis an mbearna san Eoraip ó thaobh an mhéadaithe ó scála de.

# D'AON AMHARC
2026

An Banc Eorpach Infheistíochta | Grúpa

Tuilleadh eolais ar thosaíochtaí straitéiseacha Ghrúpa an BEI.

pdf: ISBN 978-92-861-6102-5

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 05/2026 GA 2025-0389